



AN SÉALA EORPACH BRONNTA AR THIONSCADAIL NUÁLACHA DO MHÚINEADH AGUS FOGHLAIM TEANGACHA

Tosaíochtaí Eorpacha do na Feachtais Séala don tréimhse 2016-2017

Don tréimhse 2016-2017, déanfar na tosaíochtaí Eorpacha do Shéalaí Eorpacha Teanga a chur in oiriúint do na spriocanna a leag na hAirí Oideachais síos i nDearbhú Pháras¹.

I nDearbhú Pháras d'éiligh na hAirí Oideachais bearta ar gach leibhéal chun ról an oideachais a neartú i dtaca le saoránacht a chur chun cinn mar aon le comhluachanna na sairse, na caoinhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe, agus i dtaca le comhtháthú sóisialta agus sochaí chuimsitheach a chothú. Tá obair leantach ar an nDearbhú ina tosaíocht lárnach sa Tuarascáil Chomhpháirteach nua ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an gcreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET2020)² a chur chun feidhme.

1. Scoileanna agus seomraí ranga ilteangacha: Fáilte a chur roimh an éagsúlacht ar scoil

Is áiteanna ilchineálacha ó thaobh cultúir agus teanga de scoileanna agus seomraí ranga ilteangacha. D'fhéadfadh cúlra cultúir agus teanga éagsúil a bheith ag na múinteoirí agus ag na daltaí agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon teanga nó cúlra coiteann acu. D'fhéadfadh go mbeadh ar roinnt de na daltaí, nó ar na daltaí ar fad, an teanga theagaisc a fhoghlaim, agus d'fhéadfadh go mbeadh gá acu le tacaíocht bhreise chuige sin. Tarlaíonn a leithéid sna cineálacha seo scoileanna: scoileanna ina bhfuil daltaí nuathagtha ar imircigh nó dídeanaithe iad; scoileanna ina bhfuil oideachas dátheangach ar fáil agus dhá theanga theagaisc in úsáid; scoileanna idirnáisiúnta; agus scoileanna ina ndéantar freastal ar theangacha réigiúnacha, mionlaigh nó dúchais.

Tá líon na seomraí ranga ilteangacha ag dul i méid sna Ballstáit: is mó ná riamh an líon daltaí nach ionann a máthairtheanga agus príomhtheanga theagaisc na scoile. Ní hionann an cás ó Bhallstát go céile, agus an saineolas agus an taithí i dtaobh an bealach is fearr le tacú le seomraí ranga agus scoileanna ilteangacha, is minic nach mar a chéile in aon chor iad. Is feiniméan réasúnta nua an imirce ar mhórsála in go leor áiteanna san Eoraip

¹ An 17 Márta 2015, tháinig Airí Oideachais an Aontais Eorpaigh le chéile i bPáras le plé a dhéanamh ar na bealaí is fearr lenar féidir oideachas agus oiliúint a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an chuimsithe shóisialta, an radacaithe agus na saoránachta: http://ec.europa.eu/education/news/2015/0316-paris-education_en.htm

² http://ec.europa.eu/education/documents/et-2020-draft-joint-report-408-2015_en.pdf



agus ní mór bealaí éagsúla le teangacha a fhoghlaim a chur san áireamh sna nósanna múinteoireachta.

Is dúshlán mór do mhúinteoirí agus do phríomhoidí an iliomad teangacha a thugann daltaí ilteangacha isteach sa seomra ranga, ach d'fhéadfadh siad bheith ina mbuntáiste chomh maith. Teastaíonn sainoiliúint agus tacaíocht bhreise ó mhúinteoirí chun bheith in ann daltaí atá ag foghlaim theanga na scoile mar dhara teanga nó mar theanga bhreise a mhúineadh.

Tá an iliomad eiseamláirí de dhea-chleachtas ar fud na hEorpa na laethanta seo, agus chun tairbhe an phobail múinteoirí i gcoitinne a bheadh sé an t-eolas sin a scaipeadh. Is féidir feasacht níos fearr ar theangacha a bheith ag cách, a bhuí le seomraí ranga ilteangacha, má bhaintear an úsáid cheart astu. Is féidir leo cabhrú le daltaí teangacha eile a fhoghlaim amach anseo agus is féidir leo dearcadh oscailte agus fiosrach i leith na héagsúlachta cultúrtha a chothú sna daltaí freisin.

Is ar an scolaíocht fhoirmiúil atá an tosaíocht seo dírithe, ach cuimsítear ilteangachas agus foghlaim teangacha i scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna chomh maith.

Le tionscadail séala d'fhéadfaí na dea-chleachtas a shainaithint a úsáidtear i seomraí ranga/scoileanna ilteangacha áit a n-aithnítear an luach atá le héagsúlacht agus le hidirphlé idirchultúrtha agus ina spreagtar ilteangachas, ina mbaintear úsáid as éagsúlacht teangacha mar acmhainn le haghaidh teangacha a fhoghlaim, agus ina gcuirtear chun cinn cláir a dhíríonn ar fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí.

D'fhéadfaí aird ar leith a thabhairt ar bhearta tacaíochta do leanaí nach bhfuil máistreacht acu ar an teanga theagaisc. Ba cheart an deis chéanna a bheith ag gach leanbh barr a chumais a bhaint amach ar scoil, agus is coinníoll *sine qua non* máistreacht ar an teanga chuige sin.

2. Sochaí atá báuil le teangacha – foghlaim neamhfhoirmiúil teangacha

Ciallaíonn 'sochaí atá báuil le teangacha' timpeallacht shóisialta ina spreagtar foghlaim teangacha agus tuiscint idirchultúrtha, agus ina gcuirtear an t-ilteangachas chun cinn agus ina bhfuil dearcadh dearfach ina leith. Urramaítear riachtanais chainteoirí gach teanga, agus cuirtear an éagsúlacht teanga i láthair mar bhuntáiste a bheadh ag sochaí chuimsitheach agus a chuirfeadh leis an bhforbairt eacnamaíoch. Is féidir le gach pobal san Eoraip a bheith níos báula le teangacha trí úsáid níos fearr a bhaint as deiseanna chun teangacha eile a chloisteáil agus a fheiceáil agus trí mheas a léiriú ar gach teanga atá in úsáid sa pobal, rud a fhágfaidh go bhfeabhsófar foghlaim teangacha agus feasacht idirchultúrtha.

Is féidir sin a bhaint amach ar go leor bealaí: úsáid a bhaint as na scileanna atá ag saoránaigh ilteangacha, mic léinn malairte etc., fotheidil a úsáid ar an teilifís agus i scannáin; cumhacht na meán a úsáid chun teangacha agus cultúir eile a chur i láthair



AN COIMISIÚN EORPACH

ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN OIDEACHAIS AGUS AN CHULTÚIR

Nuachóiriú oideachais II: Clár agus beartas oideachais, Nuálaíocht, EIT agus comhaltachtaí Marie Curie

Scoileanna agus oideoirí; ilteangachas

saoránaigh; tionscadail foghlama idirghlúine, tionscadail turasóireachta, tionscadail trasteorann etc. a chur chun cinn; bealaí foghlama neamhfhoirmiúla a úsáid amhail foghlaim sa bhaile, foghlaim idirghlúine, nó foghlaim sa phobal.

Tá ról tábhachtach ag an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil chun sochaí atá báúil le teangacha a chothú. Tá an fhoghlaim neamhfhoirmiúil ar an gcuid is tábhachtaí den fhoghlaim ar fad a dhéanann gach duine go laethúil. Is sa bhaile a fhoghlaimítear teangacha, le linn bheith ag breathnú ar an teilifís nó ar líne. Tarlaíonn sé chomh maith mar thoradh ar na rudaí atá ar siúl sa timpeallacht, trí nuachtáin agus leabhair a léamh, trí bheith ag éisteacht leis an raidió nó bheith ag breathnú ar scannáin nó ar an teilifís, trí theagmháil le cainteoirí teangacha eile nó trí theicneolaíochtaí nua agus acmhainní ar líne a úsáid.

Le tionscadail séala d'fhéadfaí na cleachtais agus na bearta sin a aithint agus a chur chun cinn chun foghlaim neamhfhoirmiúil teangacha agus sochaí atá báúil le teangacha a chur chun cinn. Ba cheart do na tionscadail bealaí nuálacha chun teangacha a fhoghlaim ar bhealach neamhfhoirmiúil a chur i láthair rannpháirtithe gach aon aoisghrúpa. Ba cheart dóibh úsáid a bhaint as timpeallacht neamhfhoirmiúil agus acmhainní neamhfhoirmiúla, as meáin nua, as acmhainní ar líne, as na pobail ina labhraítear an teanga, etc.; d'fhéadfaidís díriú ar fhoghlaim sa bhaile, sa phobal nó ar fhoghlaim idirghlúine. D'fhéadfadh rannpháirtithe éagsúla a bheith páirteach, mar a mbeadh, rannpháirtithe ón tsochaí shibhialta, ó na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, ó bhardasachtaí, ó ospidéal, ó phríosúin, ó na meáin, ó ionaid phobail, ó iarsmalanna. Is féidir teanga a fhoghlaim in aon áit!